C/2025/6378

25.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12238 — DEVA CAPITAL / NOVARES GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6378)

1. An 14 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Deva Capital Investment Company S.LU. ('Deva Capital', an Spáinn), fochuideachta ar lánúinéireacht Banco Santander S.A (an Spáinn),

— Novares Group SAS A ('Novares Group', an Fhrainc).

Gheobhaidh Deva Capital rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Novares Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Spáinneach é Deva Capital atá dírithe ar infheistíochtaí malartacha,

— Is monaróir Francach páirteanna gluaisteán é Novares Group. Is soláthróir domhanda de réitigh um plaisteach é a dhearann agus a mhonaraíonn comhpháirteanna agus córais don tionscal mótarfheithiclí. Forbraíonn agus táirgeann Novares Group ardréitigh mótarfheithiclí trí úsáid a bhaint as insteallta plaisteacha teicniúla agus soláthraíonn sé saineolas innealtóireachta agus monaraíochta do OEManna agus do chustaiméirí Leibhéal 1 sa mhargadh mótarfheithiclí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12238 — DEVA CAPITAL / NOVARES GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.